



Gaelscoil na Lochanna

Tuairisc Féinmheastóireachta scoile

PFS 4- Dul Siar

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

I mbliana rinneadh féinmheastóireacht scoile ar na straitéisí feabhsúcháin a bhí curtha i bhfeidhm ó 2012 ar aghaidh chun féachaint cén cinn a bhí ag éirí leo sa scoil agus cén cinn a bheadh tuilleadh obair ag teastáil chun iad a bhuanú.

Le ceithre bliana anuas bhí feabhsúcháin curtha i bhfeidhm faoin mórtheidil seo a leanas: Ginearálta, An Ghaeilge, Mata.

PFS 1- 2012/13- Ginearálta

An Ghaeilge
Scrúduithe Caighdeánacha
Aistear

PFS2- 2013/2014- Gaeilge

Cruinneas na Gaeilge i ngnáthchaint na bpáistí
Taitneamh sa léitheoireacht sna hard ranganna
Eagrúcháin scoile den léitheoireacht
Cur i láthair agus peannaireacht na bpáistí

PFS 3- 2014/2015- Mata

Táblaí: plean scoile
Mata Meabhrach: Go mbeidh scéim 5 nóim Mata Meabhrach ar siúl tríd na scoile gach lá
Teanga Agus Cur in Iúl sa Mhata Rang 1,2 a fhorbairt

Seo tuairisc ar thátáil na meastóireachta:

1.2 Comhthéacs na scoile:

Is Gaelscoil í seo a bunaíodh i 2006.

Tá an scoil ag fás ó 2006 le páistí, múinteoirí, seomraí nua gach bliain ó 2006.

Ó 2012 bhí 10 athruithe ar an bhfoireann teagaisc agus thosaigh an Príomhoide ag siúl i Meán Fómhair 2014.

Is scoil aonsruthacha í.

Tá seachtar múinteoir ranga, trí mhúinteoir tacaíochta ar an bhfoireann teagaisc. (beirt atá anseo go páirtaimseartha)

Tá 202 dalta sa scoil faoi láthair (117 cáilíní agus 85 buachaillí) agus táimid ag siúl le 230+ sna cúpla blianta beaga romhainn.

2. Na tátáil+ Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo.

Seo scór + nótaí ar conas atá ag éirí linn lena feabhasaithe sin anois

*marcanna bunaithe ar thaighde sa scoil

Ábhar faoi iniúchadh	Torthaí go dtí seo*	Sprioc	Nótaí Tráchta	An todhchaí
PFS1 An Ghaeilge Go mbeidh feabhas ar shaibhreas+ar chruinneas na Gaeilge atá in úsáid sa scoil	19% go 44.5%	50%	Ag éirí níos deacra de bharr páistí óga a bheith scartha ó pháistí níos sine sa chlós – múinteoirí ag obair ar seo i gcónaí (ag múineadh frásaí+cluichí clóis dona páistí) - tacaíocht an scoilphobail uile ag teastáil chun an ardchaighdeán atá ann anois a choinneáil agus an sprioc a shroicint.	Imní mhór ann go mbeidh sleamhnú ar chaighdeán na Gaeilge +dílseacht do Riail na Gaeilge agus an scoil ag fás
Aistear Modheolaíocht nua sa Naíonáin ó 2012	100%	80%+	Tá Aistear ar siúl go beann beacht sna ranganna Naíonáin ó 2012- bhí orainn é a chur in oiriúint do chomhthéacs Gaelscoile	Rinne an fhoireann ar fad cúrsa traenála i 2012 ach chun seo a choinneáil ar ardchaighdeán sa scoil beidh ar aon mhúinteoirí nua na Naí traenáil a fháil ar Aistear
Scrúduithe Caighdeánaithe	100%	100%	Tá gach rang anois óna Naí Mhóra faoi scrúdú gach bliain agus tá forbairt ar an méid scrúduithe arís i mbliana (NRIT i rang 3 -nua). Tá cultúr láidir measúnuithe sa scoil.	Leanúint leis
PFS2 Taitneamh sa léitheoireacht sna hard ranganna (méid duine a deireann nach dtaitníonn leitheoireacht sa Ghaeilge leo a íslíú)	59% go 9%	20%	Tá raon leathan d'ábhar léitheoireachta le léamh ag na páistí	An stór d'ábhar léitheoireachta a mhéadú tuilleadh chun suim na bpáistí a choinneáil
Eagrúcháin scoile den léitheoireacht	81.5%	80%+	Tá cinnteacht ann idir na múinteoirí ar fad faoin léitheoireacht Ghaeilge sa scoil (ábhar le múineadh agus raon modhanna leathan le clúdú)	Tá plean léitheoireachta láidir sa scoil. Déantar ionduchtú le múinteoirí nua ar an bplean seo. Tá obair ann i gcónaí an plean a fheabhsú. Táimid

				ag tabhairt faoi chorás múineadh na bhfonaic sna naíonáin a fhorbairt tuilleadh faoi láthair.
Cur i láthair agus peannaireacht na bpáistí	Feabhsaithe go mór	Ard chaighdeán tríd na scoile (de réir spriocanna an plean scoile)	Tá feabhas mhór le sonrú i saothar na bpáistí de bharr na múinteoirí a bheith ag díriú isteach ar seo le cúpla bliana anuas. Tuilleadh feabhas á lorg le: úsáid an rialóra, úsáid an phinn dearg agus foirmiú na litreacha	Tá plean láidir chuige seo sa scoil anois. Déanfar na cóipleabhair a sheiceáil níos déanaí sa bhliain.
PFS 3 Múineadh na dTáblaí Mata	100%	80%+	Tá plean scoile táblaí láidir againn.	Leanúint leis
Mata Meabhrach: Go mbeidh scéim 5 nóim Mata Meabhrach ar siúl tríd na scoile gach lá	74%	80%+	Tá plean scoile don 5 nóim seo do gach rang.	Tuilleadh forbairt
Teanga Mata Rang 1,2 a fhorbairt	100%	80%+	Tá plean láidir don Mhata sa scoil anois agus tá liosta de cén teanga le múineadh i Rang 1,2 agus liosta de mhodhanna múinte leis.	Leanúint leis

An dúshlán is mó don scoil anois agus i gcónaí ná na feabhsaithe seo a choinneáil agus an scoil ag fás tuilleadh agus an fhoireann ag athrú tuilleadh. Bíonn am foirne ag teastáil chun dul siar rialta a dhéanamh agus chun ionductú a dhéanamh ar fhoireann nua agus bíonn brú ar an t-am sin i gcónaí.

4. Achoimre ar thátáil na féinmheastóireachta.

4.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

Tá príomhpointí PFS1-3 curtha i bhfeidhm go láidir sa scoil.

An Ghaeilge- Is féidir linn a bheith an-bhrodúil as an gcultúr dearfach atá sa scoil timpeall ar labhairt na Gaeilge.

Mata Meabhrach- Tá cleachtais láidir de Mhata Meabhrach againn sa scoil rud a chuireann na páistí ag smaoineamh go matamaiticiúil.

Táblaí- Tá plean Táblaí atá taitneamhach againn sa scoil.

Scrúduithe Caighdeánaithe- Tá corás an-láidir i bhfeidhm sa scoil.

Teanga Mata- Tá béim curtha ar theanga an Mhata a mhúineadh i ngach rang ach go hairithe i Rang 1+2.

4.2 Don phlean seo tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin:

Gaeilge sa chlós- ba mhaith linn feabhas a fheiceáil ar an nGaeilge a n-úsáideann na páistí lena chéile sa chlós agus sa charrchlós.

Agus an scoil ag fás is prioracht fós é seo. Sa charrchlós roimh scoil agus i ndiaidh scoile ba mhaith linn iarradh ar thuistí tacú linn na páistí a chur ag caint as

Gaeilge lena chéile. Tá Riail na Gaeilge i bhfeidhm ag an t-am ar fad atá páistí ar thalamh na scoile. Ba mhaith linn a chinntiú freisin go labhrann na páistí Gaeilge amháin lena chéile i rith na ranganna iarscoile.

Chomh maith le seo- ní ghlacfar le nós an focal Béarla a chur isteach in abairt Ghaeilge. Iarraimid ar gach tuiste na pointí seo a shoiléiriú lena páistí sa bhaile. Táimid ag iarraidh a bheith ar cheann dena gaelscoileanna is fearr sa tír ó thaobh caighdeán labhartha na Gaeilge de- agus táimid ar an mbóthar chuige sin. Ach leis an scoil ag fás a thuilleadh iarrachta ag teastáil. Chomh maith le Riail na Gaeilge a bheith láidir sa scoil (páistí rang 1-6), leanfaimid orainn ag briseadh ár ndroimeanna ag tabhairt moladh agus spreagadh dearfach don Gaeilge sa scoil. Gabhaimid buíochas lena tuistí don tréan agus síor tacaíocht le seo.

Mata Meabhrach- 5 nóim de seo gach lá- ó 74% go 80%

Cur i láthair sna cóipleabhair a fheabhsú tuilleadh.

Le deaghuí,

Foireann na Scoile